An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

# Réadmhaoin Fholamh

## Deontas Athchóirithe: Athchóiriú ar Iarfhoirgneamh Tráchtála / Úsáide Poiblí

**Foirm Iarratais**

Márta 2026



Croí Cónaithe Towns Fund

An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
**www.gov.ie/ga/an-roinn-tithíoctha-rialtais-áitúill-agus-oidhreachta/**

# Foirm Iarratais Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh - Athchóiriú ar Iarfhoirgnimh Tráchtála / Úsáide Poiblí

## Ceistneoir Incháilitheachta

Sula dtosaíonn tú ar d'iarratas ar Dheontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh - Athchóiriú ar Iarfhoirgnimh Tráchtála / Úsáide Poiblí roimhe seo, ba cheart duit an Ceistneoir Incháilitheachta thíos a chomhlánú. Cabhróidh sé seo leat a chinneadh an bhfuil tú incháilithe chun iarratas ar dheontas a dhéanamh.

| | ✓ | X |
|---|---|---|
| 1. An duine aonair nó daoine aonair thú atá ag déanamh iarratais ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh - Athchóiriú ar Iarfhoirgnimh Tráchtála / Úsáide Poiblí? | ○ | ○ |
| 2. An tusa an t-úinéir/na húinéirí cláraithe nó an bhfuil tú i mbun idirbheartaíochtaí gníomhacha chun an foirgneamh a bhfuil an t-iarratas seo á dhéanamh ina leith a cheannach agus an féidir leat fianaise a sholáthar de seo chun tacú le d'iarratas? | ○ | ○ |
| 3. An bhfuil an t-iarfhoirgneamh tráchtála ar fad á athchóiriú le haghaidh úsáide cónaithe? | ○ | ○ |
| 4. Ar tógadh an foirgneamh roimh 2008? | ○ | ○ |
| 5. An bhfuil níos mó ná aonad cónaithe amháin á chruthú san fhoirgneamh? | ○ | ○ |
| 6. Ar raibh an foirgneamh á úsáid chun críocha tráchtála /úsáide poiblí sula raibh sé folamh? | ○ | ○ |
| 7. An féidir leat fianaise a sholáthar gur íocadh rátaí tráchtála nó go bhfuil faoiseamh / creidmheas / coigeartú rátaí tráchtála agat? | ○ | ○ |
| 8. An bhfuil an foirgneamh folamh le dhá bhliain nó níos mó? | ○ | ○ |
| 9. An mbeidh na haonaid athchóirithe á n-úsáid mar do phríomháit chónaithe phríobháideach agus / nó an gcuirfear ar fáil ar cíos iad, le tionóntachtaí cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe? | ○ | ○ |
| 10. An féidir leat meastachá(i)n agus dearadh / líníocht réamhchéime a sholáthar do na hoibreacha atá beartaithe? | ○ | ○ |
| 11. Má tá iarratas á dhéanamh agat ar an deontas breisithe tréigthe, an féidir leat fianaise a sholáthar go bhfuil an réadmhaoin ar chlár na láithreán tréigthe na n-údarás áitiúil agus nó tuairisc ó ghairmí cáilithe (a chiallaíonn suirbhéir foirgnimh cláraithe, innealtóir cláraithe nó ailtire cláraithe) a léiríonn go bhfuil an réadmhaoin neamhshábháilte ó thaobh struchtúir de agus tréigthe? | ○ | ○ |

*Má chuir tú tic le* **X** *le haon cheann de na ceisteanna atá liostaithe thuas, níl tú i dteideal iarratas a chur isteach faoi láthair ar an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh - Athchóiriú ar Iarfhoirgnimh Tráchtála / Úsáide Poiblí.*

# Foirm Iarratais

**Freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas ag baint úsáid as BLOCLITREACHA.**

Ní mór gach cuid den fhoirm iarratais seo a chomhlánú go hiomlán.

## Alt 1. Sonraí teagmhála an Iarratasóra/na nIarratasóirí Deontais*

1.1 Ainm(neacha)

1.2 Seoladh Comhfhreagrais Iomlán

1.3 Éirchód (má tá sé ar fáil)

1.4 Dáta Breithe

L L M M B B B B

1.5 Seoladh ríomhphoist teagmhála

1.6 Uimhir theileafóin teagmhála

## Alt 2. Sonraí an Fhoirgnimh Fholamh

2.1 Seoladh iomlán an fhoirgnimh ina ndéanfar an obair

2.2 Éirchód

2.3 Cá fhad atá an foirgneamh folamh (i míonna)?

2.4 Ar chuir tú fianaise ar fáil gur tusa úinéir an fhoirgnimh, nó fianaise ar idirbheartaíocht ghníomhach chun an réadmhaoin a cheannach? ✓ ◯ X ◯

2.5 An bhfuil iarratas á dhéanamh agat ar mhaoiniú deontais i leith foirgnimh atá lonnaithe ar cheann de na hoileáin cháilitheacha atá liostaithe? ✓ ◯ X ◯

**Liosta na n-oileán amach ón gcósta**

www.gov.ie/en/department-of-rural-and-community-development-and-the-gaeltacht/publications/populated-off-shore-islands/

Más ea, cén t-oileán.

2.6 Ar chuir tú fianaise ar fáil gur íocadh rátaí tráchtála don fhoirgneamh nó go bhfuil faoiseamh rátaí/creidmheas/coigeartú agat? ✓ ◯ X ◯

2.7 Cén bhliain a ceannaíodh an foirgneamh?

2.8 Cad é praghas ceannaigh an fhoirgnimh?

2.9 Cad é luach measta reatha an fhoirgnimh?

2.10 Cuir tic le ceann amháin díobh seo a leanas chun a léiriú cén cineál deontais a bhfuil tú ag cur isteach air:

**A. Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh - Athchóiriú ar Iarfhoirgnimh Tráchtála / Úsáide Poiblí Ticbhosca** ☐

**B. Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh - Athchóiriú ar Iarfhoirgnimh Tráchtála / Úsáide Poiblí lena n-áirítear an deontas breisithe tréigthe.** ☐

2.11 Cé mhéad aonad cónaithe atá beartaithe a chur in úsáid san fhoirgneamh?

2.12 As na haonaid atá á gcruthú, cé mhéad aonad a úsáidfear mar phríomháit chónaithe phríobháideach?

2.13 As na haonaid atá á gcruthú, cé mhéad aonad a úsáidfear mar aonaid chíosa (tionóntacht / tionóntachtaí atá cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe)?

## Alt 3 Iarratais Eile ar Dheontas

3.1 Ar bhain tú leas as an Deontas Sainchomhairle? ✓ ◯ X ◯

3.2 An raibh tú ceadaithe roimhe seo don Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh maidir le príomháit chónaithe phríobháideach nó réadmhaoine ar cíos? ✓ ◯ X ◯

3.3 Má d'fhreagair tú 'Bhí' ar Cheist 3.2, tabhair sonraí, (seoladh iomlán, Éirchód, dáta ceadaithe/íocaíochta, agus cineál iarratais) lena n-áirítear ainm an údaráis áitiúil a cheadaigh an deontas/na deontais:

3.4 An ndearna tú iarratas ar aon deontais nó scéimeanna breise eile don fhoirgneamh seo? Mar shampla, Deontas Tithe Fuinnimh Níos Fearr ÚFIÉ, Deontas Oiriúnaithe Tithíochta, Tionscnamh na Cathrach Beo, Scéim Deisiúcháin agus Léasaithe etc.? ✓ ◯ X ◯

3.5 Má roghnaigh tú Rinne do Cheist 3.4, tabhair sonraí agus fianaise dhoiciméadach ar na scéimeanna a ndearnadh iarratas orthu/a ceadaíodh agus nó ar dheontais a ceadaíodh/a íocadh agus tabhair sonraí ar na hoibreacha a ceadaíodh/a íocadh.

## Alt 4: Oibreacha atá le déanamh

B'fhéidir gur mhaith leat smaoineamh ar chomhairle ghairmiúil a fháil sula gcríochnaíonn tú an chéad chuid eile.

4.1 An bhfuil iarratas déanta ar chead pleanála? ✓ ◯ X ◯

Más tá a d'fhreagair tú, tabhair uimhir thagartha an chomhaid phleanála le do thoil?

4.2 Cuir tic sa tábla thíos na hoibreacha beartaithe go léir atá ar intinn agat a dhéanamh ar do réadmhaoin agus luaigh costas gach ceann de na hoibreacha atá beartaithe. Ní mór d'fho-chatagóirí suimiú le ceannteidil na gcatagóirí (mar shampla, ar cheart do 4a–4e suimiú leis an iomlán do 4).

| Uimh.. | Catagóir na nOibreacha | Uasteorainn ar ghnéithe sonracha (CBL san áireamh) bunaithe ar | √ | Costas na nOibreacha Beartaithe € |
|---|---|---|---|---|
| 1 | **Scartáil[1]*/Bain amach / Réiteach Láithreáin** (lena n-áirítear ábhair ghuaiseacha a bhaint) | Faoi réir uasteorainneacha foriomlána na scéime* | | € |
| 2 | **Oibreacha fostruchtúir** ((lena n-áirítear oibreacha ar bhunsraitheanna; ballaí a ardú; dúshraitheanna/leaca; taisdíonadh; fothaca) | Faoi réir uasteorainneacha foriomlána na scéime* | | € |
| 3 | **Oibreacha forstruchtúir** (lena n-áirítear oibreacha ar bhallaí inmheánacha/seachtracha; simléir; urláir uachtaracha; staighrí; struchtúr dín; adhmaid struchtúracha eile) | Faoi réir uasteorainneacha foriomlána na scéime* | | € |
| 4 | **Críochnuithe agus Bailchríocha Seachtracha** (lena n-áirítear oibreacha a bhaineann le doirse, fuinneoga agus ráillí seachtracha; soilse dín; éadain/ tarrchláir; earraí báistí; bailchríocha ar bhallaí seachtracha; bailchríocha dín) | Iomlán do chatagóir oibreacha Uimh. 4 €42,700 | | € |
| 4a | Críochnaithe seachtracha (lena n-áirítear doirse, fuinneoga, leaca agus ráillí seachtracha) | €21,000 | | € |
| 4b | Éadain, tairr, earraí báistí, | €4,200 | | € |
| 4c | Críochnaithe dín (soilse díonta & fleasctha ghaolmhara) | €1,000 | | € |
| 4d | Péinteáil agus maisiú (rud a chiallaíonn ullmhú agus bailchríocha ar bhallaí seachtracha) | €2,500 | | € |
| 4e | Críochnaithe dín | €14,000 | | € |
| 5 | **Críochnaithe & Bailchríocha Inmheánacha** (lena n-áirítear doirse inmheánacha agus frámaí gaolmhara, imchásálacha agus earraí iarainn); cláir sciortaí; bailchríocha ar bhallaí inmheánacha; bailchríocha síleála; bailchríocha tílithe/uiscedhíonacha ar limistéir fhliucha;) | Iomlán don chatagóir oibreacha Uimh. 5 €25,300 in aghaidh an aonaid | | € |
| 5a | Críochnaithe inmheánacha (lena n-áirítear doirse, frámaí, imchlásálacha, earraí iarainn) | €7,000 in aghaidh an aonaid | | € |
| 5b | Cláir sciortaí | €3,500 in aghaidh an aonaid | | € |
| 5c | Bailchríocha tílithe/uiscedhíonacha ar limistéir fhliucha | €2,800 in aghaidh an aonaid | | € |
| 5d | Péinteáil & maisiú (a chiallaíonn ullmhú & bailchríocha ar bhallaí, síleálacha, sciorta & imchásálacha) | €8,000 in aghaidh an aonaid | | € |
| 5e | Bailchríocha urláir | €4,000 in aghaidh an aonaid | | € |
| 6 | **Seirbhísí** (lena n-áirítear pluiméireacht neamhspleách a sholáthar; téamh ; aeráil; cumhacht; soilsiú; teileachumarsáid; brath deataigh/CO2 d'aonaid chónaithe) | Faoi réir uasteorainneacha foriomlána na scéime* | | € |
| 7 | **Feistis** (lena n-áirítear aonaid chistine; feistis sláintíochta/seomra folctha) | Iomlán do chatagóir oibreacha 7 €10,500 in aghaidh an aonaid | | € |
| 7a | Aonaid chistine | €7,700 in aghaidh an aonaid | | € |
| 7b | Feistithe seomra folctha/earraí sláintíochta) | €2,800 in aghaidh an aonaid | | € |
| 8 | **Oibreacha Seachtracha** (oibreacha seachtracha / láithreáin riachtanacha arna ndéanamh laistigh de chúirtealáiste an láithreáin) | €7,000 | | € |
| 9 | Oibreacha **le cois** atá de dhíth chun an t-iarfhoirgneamh tráchtála/ úsáide poiblí a bhí folamh a thabhairt in úsáid mar aonaid chónaithe, bíodh sé faoi raon forbartha díolmhaithe faoi rialacháin phleanála, nó mar chuid d'iarratas pleanála, más gá, mar chuid d'athchóiriú níos leithne | Faoi réir uasteorainneacha foriomlána na scéime* | | € |
| 10 | **Seirbhísí gairmiúla a bhaineann le hoibreacha** (táillí/suirbhéanna – gan costais a bhaineann leis an deontas comhairle a áireamh) | 12% + CBL den ghlanchostas tógála nó €15,000 cibé acu is lú | | € |
| 11 | **Oibreacha sonracha a bhaineann le hathchóiriú ar iarfhoirgnimh tráchtála / úsáide poiblí a bhí folamh roimhe seo** - lena n-áirítear oibreacha nua ar leith iontrála/urrann/scartha dóiteáin, insliú fuaime, staighrí/conairí comhroinnte.<br>Córas aláraim dóiteáin comhtháite d'aonaid 'os cionn an tsiopa' etc. | Faoi réir uasteorainneacha foriomlána na scéime* | | € |
| | **Costas measta iomlán na n-oibreacha (lena n-áirítear CBL) de réir meastachán.** | | € | |

[1] *Cé gur féidir oibreacha scartála agus síneadh a bheith mar chuid d'iarratas ar an deontas, ní mór na hoibreacha sin a bheith mar chuid d'athchóiriú níos leithne ar an bhfoirgneamh atá ann cheana féin i gcomhréir le cuspóirí na scéime.*

[2] *I gcás ina bhfuil maoiniú á lorg le haghaidh suiteáil coire, beidh sonraí an chineáil coire ag teastáil ón údarás áitiúil. Ní mhaoineoidh an deontas seo coire breosla iontaise neamhspleách.*

*** Baineann na méideanna breisithe ar na huasleibhéil deontais atá incheadaithe faoi chatagóirí 1, 2, 3, 6, agus 9 le líon na n-aonad atá á seachadadh i.e. sa chás go bhfuil dhá aonad á seachadadh is é € 20,000 an t-uasmhéid breisithe atá incheadaithe faoin gcatagóir, áit a bhfuil trí aonad nó níos mó á seachadadh is é € 40,000 an t-uasmhéid breisithe atá incheadaithe.**

**Ceanglaítear ar iarratasóirí meastachá(i)n a chur isteach maidir leis na hoibreacha atá beartaithe. Ní mór meastacháin a sholáthar maidir leis na costais aonair faoin tábla thuas do gach ceann de na catagóirí oibreacha a bhfuil iarratas á dhéanamh orthu a sholáthar.**

Ba chóir go mbeadh úinéirí tí ar an eolas faoina bhfreagrachtaí faoi na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tógáil), 2013. Féach ar www.hsa.ie

Maidir le haonaid atá ar fáil le ligean ar cíos, ceanglaítear de réir an dlí ar gach tiarna talún, cloí leis na caighdeáin do thithíocht ar cíos agus ba cheart dóibh a chinntiú go bhfuil a gcuid réadmhaoine ag cloí go hiomlán le rialacháin um shábháilteacht ó dhóiteán agus íoschaighdeáin maidir le réadmhaoin ar cíos.

Féach ar www.irishstatutebook.ie/eli/2019/si/137/made/en/print

4.3 An féidir leat aon chostas breise nach bhfuil clúdaithe ag an deontas a íoc? ✓◯ X◯

---

## Cosaint Sonraí

De réir an dlí, ní mór d’iarratasóirí sonraí pearsanta áirithe a sholáthar san fhoirm seo. Déileálfar le gach faisnéis agus sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil faoi rún, i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí agus leis an reachtaíocht um Chosaint Sonraí.

Chun an t-iarratas seo a phróiseáil, tabhair faoi deara go bhféadfadh an t-údarás áitiúil do shonraí pearsanta (faisnéis) a roinnt leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, leis an nGníomhaireacht Tithíochta agus leis na páirtithe eile atá rannpháirteach i seachadadh an Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh.

Féadfaidh tú sonraí an Bheartais Cosanta Sonraí agus ár Ráiteas Príobháideachais a léamh ar shuíomh gréasáin d’údaráis áitiúil. Mínítear sa pholasaí conas agus cén fáth a n-úsáidfear sonraí pearsanta agus soláthraíonn sé faisnéis faoi do chearta mar ábhar sonraí. Tá an beartas ar fáil freisin i bhformáid pháipéir má iarrann tú é ó d’oifig d’údaráis áitiúil.

## Dearbhú – Cuir tic le gach ceann is infheidhme

Dearbhaím/Dearbhaímid gur léigh mé/muid an leagan amach scéime maidir le Deontas Athchóirithe do Réadmhaoin Fholamh - Athchóiriú ar Iarfhoirgnimh Tráchtála / Úsáide Poiblí agus na Ceisteanna Coitianta (CC) go hiomlán agus go bhfuilim/muid lán-eolach ar na critéir incháilitheachta. Doiciméid ar fáil @ www.gov.ie/folúntas. ☐

Dearbhaím/Dearbhaímid go bhfuilimid lán-eolach ar riachtanais, caighdeáin agus coinníollacha na scéime agus go n-aontaímid iad a chomhlíonadh, lena n-áirítear an ceanglas go gclárófar muirear ar an bhfoirgneamh ar feadh 10 mbliana. ☐

Dearbhaím/Dearbhaímid go bhfuil an fhaisnéis agus na sonraí a thug mé/muid ar an iarratas seo fíor agus cruinn. ☐

Dearbhaím/Dearbhaímid go gcuirfidh mé/muid an t-údarás áitiúil ar an eolas má bhíonn aon athruithe ar mo chúinsí/ár gcúinsí maidir leis an bhfoirgneamh a bhfuil iarratas á dhéanamh air. ☐

Dearbhaím/Dearbhaímid go gcomhlíonfaidh mé/muid na ceanglais reachtúla go léir maidir le tiontú/athchóiriú m'fhoirgnimh/ár bhfoirgnimh lena n-áirítear ach teoranta do Na hAchtanna um Pleanáil & Forbairt agus na hAchtanna um Rialú Foirgníochta. ☐

Dearbhaím/Dearbhaímid go mbeidh cónaí orm/orainn san aonad/sna haonaid chónaithe mar mo/ár bpríomháit chónaithe phríobháideach agus/nó dearbhaím/dearbhaímid go gcuirfidh mé/muid an t-aonad/na haonaid chónaithe ar fáil le ligean ar cíos agus go gcláróimid gach tionóntacht leis an BTC. ☐

Dearbhaím/Dearbhaímid nár ceadaíodh agus nár íocadh deontas dom/linn riamh don fhoirgneamh seo. ☐

Tuigim/Tuigimid agus dearbhaímid go soláthróidh mé/muid mo/ár n-imréiteach cánach agus imréiteach cánach ár gconraitheora/gconraitheoirí don údarás áitiúil a luaithe a iarrtar sin.

Ainm iomlán an iarratasóra/na n-iarratasóirí (BLOCLITREACHA):

Síniú an iarratasóra/na n-iarratasóirí:

Dáta:

L L M M B B B B

# Seicliosta do gach atá le cur leis an bhfoirm seo

Cuirfear moill ar d'iarratas má tá sonraí agus doiciméid in easnamh. Cabhróidh an seicliosta seo leat na doiciméid go léir a theastaíonn chun d'iarratas a phróiseáil a sheoladh isteach.

**Seicliosta**

Beidh an méid seo a leanas ag teastáil ó gach iarratas:

- [ ] An fhoirm seo. Comhlánaithe go hiomlán agus sínithe.
- [ ] Cruthúnas go raibh an foirgneamh folamh ar feadh tréimhse dhá bhliain nó níos mó díreach roimh an iarratas seo.
- [ ] Cruthúnas gur tógadh an foirgneamh roimh 2008.
- [ ] Meastachá(i)n maidir leis na hoibreacha atá beartaithe.
- [ ] Réamhdhearadh / líníocht ina leagtar amach an t-aonad/na haonaid chónaithe atá beartaithe a chruthú san fhoirgneamh.
- [ ] Cruthúnas úinéireachta nó fianaise ar idirbheartaíocht ghníomhach chun foirgneamh a cheannach má tá formheas á lorg i bprionsabal.
- [ ] Cruthúnas gur íocadh rátaí tráchtála nó go bhfuil faoiseamh/creidmheas/coigeartú rátaí agat ó rátaí tráchtála a íoc.
- [ ] Tá fianaise a dheimhníonn go bhfuil an réadmhaoin neamhfhónta ó thaobh struchtúir de agus contúirteach má tá iarratas á dhéanamh ar an deontas breisithe do réadmhaoin thréigthe.

Aon doiciméid ábhartha eile chun tacú le d'iarratas: **Cuir tic de réir mar is cuí, le do thoil**

Fianaise go bhfuil iarratas pleanála á thaisceadh nó cead pleanála á dheonú. ☐

Alt 5 Deimhniú díolúine dearbhaithe faoin Acht um Phleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) ☐

Fógra d'údarás áitiúil go bhfuil sé ar intinn leas a bhaint as Airteagal 10 (6) Athrú ar úsáid díolmhaithe ó Rialacháin Tráchtála go Cónaithe, Pleanála & Forbartha 2001, arna leasú. ☐

---

**I gcás ina n-ardaítear ceist i dtaobh an dteastaíonn cead pleanála nó forbairt dhíolmhaithe ó na hoibreacha atá beartaithe, beidh ar iarratasóir fianaise ar chead pleanála nó ar dhearbhú díolúine a chur faoi bhráid an údaráis áitiúil sula bhfaightear cead deontais deiridh.**

I gcás ina bhfuil príomháit chónaithe phríobháideach á chruthú - Mionnscríbhinn shínithe ag deimhniú nár cuireadh iarratas isteach ar an deontas roimhe seo le haghaidh príomháit chónaithe phríobháideach. ☐

Sa chás go bhfuil réadmhaoin/réadmhaoine ar cíos á gcruthú - Dearbhú sínithe go bhfuil sé ar intinn agat aonad/aonaid chónaithe san fhoirgneamh a chur ar fáil ar cíos agus go gcláróidh tú tionóntacht/tionóntachtaí leis an BTC roimh tharraingt anuas deontais. ☐

**Tabhair faoi deara:**

Ba cheart d'iarratasóirí a bheith ar an eolas faoina bhfreagrachtaí i ndáil le ceanglais agus rialacháin reachtúla/dlíthiúla maidir le hoibreacha a dhéanamh ar an bhfoirgneamh, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, ceanglais phleanála, ceanglais sábháilteachta dóiteáin, ceanglais rochtana, rialacháin tógala, ceanglais maidir le struchtúir chosanta, foirgnimh thraidisiúnta in ACA, saincheisteanna teorann, cearta slí, treoracha comhshaoil agus gnáthóige etc.

**Tábhachtach: Sa chás gur iarr an t-údarás áitiúil go gcuirfí tuilleadh cáipéisí riachtanacha isteach chun tacú le d'iarratas, má theipeann ort é sin a dhéanamh tarraingeofar d'iarratas siar. Má bhíonn moilleanna ort, moltar duit teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach um Thithe Folamh i d'údarás áitiúil a luaithe is féidir.**

An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
Department of Housing,
Local Government and Heritage

Croí Cónaithe Towns Fund

An Roinn Tithíochta,
Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
**www.gov.ie/ga/an-roinn-tithíoctha-rialtais-áitúill-agus-oidhreachta/**